

Eleathanach316

Dé Luain 11 Márta 2019

Rugbaí

Bhí Éire agus an Fhrainc ag imirt rugbaí in aghaidh a chéile Dé Domhnaigh seo caite. Bhí an cluiche ar siúl sa Staid Aviva. Bhí an tUachtarán Michael D Higgins i láthair freisin.

D'éirigh le Johnny Sexton, Keith Earls, Rory Best agus Jack Conan úd an duine a fháil. D'imir na buachaillí glasa sárcluiche. Ba é James Ryan laoch na himeartha. An scór a bhí ann ag deireadh an chluiche ná Éire 26: An Fhrainc 14.

Beidh Éire agus an Bhreatain Bheag ag imirt an Satharn seo chugainn. Beidh an cluiche ar siúl in Cardiff. Beidh na buachaillí glasa ag traenáil go dian roimh an gcluiche. Tá an Eleathanach ag súil go mór leis an gcluiche tábhachtach! Go n-éirí libh!



Seo í Sinéad Burke.

Lá Idirnáisiúnta na mBan

Bhí Lá Idirnáisiúnta na mBan ar siúl Dé hAoine seo caite. Thosaigh an lá seo breis is 100 bliain ó shin.

Bhí féasta speisialta ag Sabina agus Michael D Higgins in Áras an Uachtaráin ar 8 Márta 2019. Bhí a lán daoine ag an bhféasta. Bhí a lán imeachtaí éagsúla ar siúl ar fud an domhain freisin.

Bhí Sinéad Burke ag an bhféasta in Áras an Uachtaráin. Is múinteoir bunscoile agus scríbhneoir í. Bíonn sí ag dul timpeall an domhain ag labhairt ar son cearta an duine.

Is laoch í Sinéad. Féach ar Shinéad anseo!
<https://www.youtube.com/watch?v=cBASOTO0-0s> Is duine beag í Sinéad agus d'éirigh léi an téarma seo a chur san fhoclóir Gaeilge.

Lá na Leabhar 2019

Bhí Lá na Leabhar ar siúl in Éirinn ar an 7 Márta 2019. Bhí a lán imeachtaí éagsúla ar siúl sna scoileanna in Éirinn. Ghléas páistí suas mar charachtair éagsúla ó leabhair spéisiúla.

Is é 'The Lord of the Rings' an leabhar is mó díol ar domhan (ón mbliain 2011). Tá 150 milliún cóip díolta! Is é 'The Etruscan Gold Book' an leabhar is sine ar domhan (660RC). Sa bhliain 2011, thosaigh níos mó daoine ag ceannach E-Leabhar ná gnáthleabhar. Bhí Lá na Leabhar ar siúl den chéad uair in Éirinn sa bhliain 1995.

Is iad 'An Cúigear Cróga' agus 'Dónall Dána' na leabhair is fearr leis an Eleathanach! Cén leabhar is fearr leat?

